AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 8.3.2012
COM(2012) 101 final

2010/0262 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an Seasamh ón gComhairle i ndáil le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras**

2010/0262 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an Seasamh ón gComhairle i ndáil le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a seoladh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COM(2010) 509 leagan deireanach – 2010/0262 COD): | 27/09/2010 |
| An dáta ar tugadh an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, ar an gcéad léamh: | 13/09/2011 |
| An dáta a glacadh leis an seasamh ón gComhairle: | 21/02/2012 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Ceanglaíonn córas an AE chun onnmhairí dé-úsáide a rialú, mar atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 428/2009, údarú le haghaidh onnmhairiú na n-ítimí dé-úsáide atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. De réir Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009, déanfar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a nuashonrú i gcomhréir leis na hoibleagáidí ábhartha agus leis na ceanglais ábhartha, agus le haon mhodhnú orthu sin lenar ghlac Ballstáit, mar chomhaltaí de chórais idirnáisiúnta neamhiomadaithe agus de shocruithe idirnáisiúnta maidir le rialú onnmhairí, nó trí na conarthaí ábhartha idirnáisiúnta a dhaingniú.

Dá bhrí sin, is é an cuspóir atá ag an togra ón gCoimisiúin an liosta rialaithe atá leagtha amach in Iarscríbhinn I den Rialachán a nuashonrú trí mhodhnuithe a aontaíodh sna córais idirnáisiúnta rialaithe onnmhairí a thabhairt isteach.

## 3. BARÚLACHA FAOIN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Bhí modhnuithe ar an liosta rialaithe, a aontaíodh sna córais idirnáisiúnta rialaithe onnmhairí i 2009, cumhdaithe sa togra bunaidh ón gCoimisiún. Tá sé beartaithe sa seasamh ón gComhairle an liosta rialaithe a nuashonrú tuilleadh trí mhodhnuithe a aontaíodh sna córais idirnáisiúnta rialaithe onnmhairí i 2010. Beidh ar chumas an AE cloí lena ghealltanais idirnáisiúnta maidir le rialuithe ar onnmhairí agus cabhrófar go mór le honnmhaireoirí an AE trí na modhnuithe ar an liosta rialaithe ó 2009 agus 2010 araon a áireamh sa chleachtadh atáthar a dhéanamh faoi láthair chun an liosta a nuashonrú.

## 4. BARÚLACHA FAOI SHEASAMH PHARLAIMINT NA hEORPA

Thacaigh Parlaimint na hEorpa leis an togra bunaidh ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2011 agus tá sé curtha in iúl aici go dtacaíonn sí le tuilleadh modhnuithe ar an liosta rialaithe a thabhairt isteach i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta faoi mar a mhol an Chomhairle.

## 5. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle.